

Siomptóim

Go minic bíonn meascán de shiomptóim mar thoradh ar M-bholgach, lena n-áirítear:

- › Fiabhras nó crithfhuacht
- › Tinneas cinn
- › Tnáitheadh
- › Pian droma agus cráphian matáin
- › Gríos craicinn nó spuaiceanna

Aimhréidheanna:

Tagann formhór na ndaoine a fhaigheann M-bholgach chucu féin gan aon aimhréidh, ach d'fhéadfadh sé gur ghá iad siúd a bhfuil siomptóim dhiana orthu a chur san ospidéal.

Labhair le do dhochtúir chun comhairle ghinearálta a fháil agus chun incháilitheacht le haghaidh vacsaínithe in aghaidh M-bholgach a fháil.



Scan an cód QR chun tuilleadh eolais a fháil ar Thairseach Faisnéise an Aontais um Vacsaíniú


vaccination-info.europa.eu/en



Cosain tú féin in aghaidh M-bholgach



TAIRSEACH FAISNÉISE
EORPACH MAIDIR
LE VACSÁINIÚ
Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh



M-bholgach (bolgach moncaí)

Is ionfhabhtú víreasach é M-bholgach is cúis le spuaiceanna craicinn, fiabhras, tinneas cinn agus pianta sna matáin. Scaiptear an víreas trí dhlúththeagmháil dhíreach (lena n-áirítear teagmháil ghnéasach) le duine ionfhabhtaithe, ach is féidir é a chosc trí vacsaíniú.

Cé atá i mbaol?

- › Aon duine a bhfuil dlúth-theagmháil dhíreach aige nó aici (lena n-áirítear teagmháil ghnéasach) le duine a mbíonn M-bholgach air nó uirthi.
- › D'fhéadfadh daoine a bhfuil córais imdhíonachta lagaithe acu a bheith i mbaol níos mó ó M-bholgach agus ó na haimhréidheanna a ghabhann leis an víreas.



Cén fáth a ndéantar vacsaíniú?

Is féidir leis an vacsaíniú M-bholgach agus na haimhréidheanna a ghabhann léi a chosc.

